Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2021
(OR. en)

15020/21

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0328(COD)**

CODEC 1646
JEUN 162
EDUC 420
SPORT 92
CULT 122
EMPL 557
BUDGET 47
SOC 741
GENDER 132
SAN 756
ENV 996
SUSTDEV 185
CLIMA 448

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 165(4) agus 166(4) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim uaidh an 2 Nollaig 2021[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 8 Nollaig 2021[3].

[1] 12873/21.
[2] Nár foilsíodh fós in IO.
[3] Nár foilsíodh fós in IO.

4. An 10 Nollaig 2021, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa agus d'údaraigh sé don Chathaoirleach litir a sheoladh chuig Cathaoirleach Choiste CULT ina gcuirfí in iúl, i gcás ina nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir athbhreithniú arna dhéanamh ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 13-16 Nollaig 2021[4].

6. Ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Nollaig 2021, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-iarrfaí ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE- CONS 81/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, mar aon leis an ráiteas comhpháirteach mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

7. Tá an ráiteas ón gCoimisiún le haghaidh mhiontuairiscí chruinniú na Comhairle agus atá le foilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* leagtha amach in Aguisín 2. Leagtar amach na ráitis ón Ungáir agus ón bPolainn le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 3 a ghabhann leis an nóta seo.

8. Iarrtar ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 81/21, agus an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é. a fhormheas.

9. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

4 14830/21.